**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 260/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/789]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 maidir leis na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 42fa (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32021 R 1903**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 387, 3.11.2021, lch. 126).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON

([1]) IO L 387, 3.11.2021, lch. 126.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.